

An Dara hÁit sa Chatagóir Shinsearach
Mícheál O'Muirí
St Colm's High School, Draperstown, Co. Derry
Teacher - Anne Marie Uí Mhuirí



Laoch CLG – Cormac Mac An Ailín

Sa bhliain (1884) ocht déag ochtó a ceathair bunaíodh an Cumann Lúthchleas Gael le Gaeil a spreagadh bheith dílis do na cluichí dúchasacha acu féin. Chomh maith leis sin, bhí sé mar aidhm ag an CLG gach gné de chultúr na hÉireann a chur chun cinn agus bhí an Ghaeilge mar chuid lárnach den sprioc seo. Caithfidh mé a rá go bhfuil obair suntasach déanta ag an Chumann Lúthchleas Gael thar na blianta fud fad na tíre.

Mar gheall ar thubáiste tragóideach a tharla cúig bliana déag ó shin bunaíodh campa samhraidh darb ainm Campa Chormaic in omós do Chormac Mac an Ailín. Cosúil leis an CLG tá an campa sin dírithe ar theanga, chultúr agus ar spóirt Gaelacha.

Rugadh Cormac Mac an Ailín sa bhliain naoi déag ochtó. Duine a bhí ann a raibh grá aige dá thír agus do chultúr na hÉireann. Ar ndóigh, peileadóir den scoth a bhí ann fosta. Bhí sé ina chaptaen ar fhoireann peile Thír Eoghain agus bhí gach gradam de chuid Chumann Lúthchleas Gael bainte aige.

Bhí sé ceithre bliana is fiche d'aois agus an saol mar a d'iarrfadh a bhéal é a bheith agus go leor eile go fóill le teacht. Ach, ar an dara lá de mhí an Mhárta sa bhliain dhá mhíle is a ceathair, fágadh an aisling sin ina smidiríní. Fágadh a mhuintir agus pobal na hÉireann araon faoi bhrón.

An oíche Luain sin tháinig Cormac abhaile ó bhabhta traenála, chaith sé tamall ag amharc ar an teilifís agus chuaigh sé a luí mar ba ghnách. I lár na hoíche, thart ar a trí a chlog, tháinig an bás go tobann air agus sciob leis duine de réaltaí móra na tíre seo.

An príomhscéal ar an Nuacht an mhaidin dar gcionn – Cormac Mac an Ailín marbh – mar gheall ar ghalar croí. Bhí sé dochreidte!!

Bhí Cormac níos tábhachtaí ná i dTír Eoghain. Bhí sé ina réalt mór do ghach duine sa tír. Tháinig pobal na hÉireann amach ina sluaite chuig an fhaire agus chuig an tórramh. Ba léir an t-ardmheas a bhí air i gcroí mhuintir na hÉireann. Níl dabht ar bith ann go mairfidh a chuimhne go deo mar laoch, mar Ghael agus mar fhear óg speisialta. Ní bréag a rá nach mbeidh a leithéid arís ann.

I ndiaidh dó bás a fháil go tragóideach shocraigh a theaghlach scéim spóirt samhraidh a bhunú in omós dó. Chuir siad Campa Chormaic le chéile le cuimhne a dhéanamh air. De thairbhe go raibh an oiread sin suime ag Cormac sa spórt, sa Chumann Lúthchleas Gael agus ar ndóigh, sa teanga, bunaíodh an campa leis na rudaí sin a chur chun cinn. Thosaigh sé amach i bparóiste na hEaglaise i gContae Thír Eoghain agus tá sé ag fás bliain indiaidh bliana in áiteanna eile i gCúige Uladh. Tá mana ag Campa Chormaic agus is é sin SULT. Seasann sin do Spórt, Uchtach, Laochas agus Teanga – ceithre rud a sheas Cormac go mór do.

Ar maidin bíonn na daoine óga ag freastal ar ranganna. Bíonn trí rang ar siúl ar maidin. Bíonn siad ag foghlaim faoi Chormac, an CLG agus cad é mar is féidir bheith i do Ghael ceart agus sult a bhaint as an saol agus meas a bheith acu ar dhaoine eile agus ar chultúr s'acu. Sa tráthnóna bíonn ranganna ceoil, damhsa, spórt agus cluichí éagsúla acu.

Chuaigh mé go dtí an Campa nuair a bhí mé níos óige. Thug sé an deis dom bheith ag cleachtadh mo spóirt, ag cur le mo scileanna agus feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge. Tá na geansaithe uilig agam ó dhá mhíle is a haon déag go dhá mhíle is a hocht déag.

Tá mo chroí istigh i gCampa Chormaic agus bhí an t-ádh orm sa bhliain 2018 mar fuair mé post mar cuntóir ar bhonn deonach sa Champa i mBaile na Scríne. Bhain mé an-sult agus tairbhe as sin agus le cuidiú Dé ba bhreá liom sin a dhéanamh arís.

Idir ceol, damhsa, caint, spórt, sult agus spraoi tá an-éacht bainte amach ag Campa Chormaic, cosúil leis an CLG, chun an Ghaeilge agus an chultúr a chur chun cinn i measc daoine óga. Mar gheall ar an Champa seo ní dhéanfaimid dearmad riamh ar an laoch, Cormac Mac an Ailín.